Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Feabhra 2025
(OR. ga)

5831/25

Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0259(NLE)

COEST 79
POLCOM 15

TOGRA

ó:	Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Luc Pierre DEVIGNE, Leas-Stiúrthóir Bainistíochta
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	ST 14756/24
Ábhar:	Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad EEAS(2025)58.

Faoi iamh: EEAS(2025)58

EEAS(2025) 58

Ref. Ares(2025)391205 - 17/01/2025

EUROPEAN EXTERNAL ACTION SERVICE

EURCA

Note of the European External Action

Service of 16/01/2025

EEAS Reference	**EEAS(2025) 58**
To	General Secretariat of the Council COEST Working Party
Title / Subject	Proposal for a Council Decision on the signing, on behalf of the European Union, and provisional application of the EPCA between the European Union and its Member States, of the one part, and the Republic of Uzbekistan, of the other part – revised text in view of adoption as Council amendment of the Commission proposal
Reference of previous document	Not applicable

EEAS(2025) 58

Note to the attention of Ciara O'BRIEN, COEST Working Party Chair

Following the discussions at the 4th December COREPER on the EU-Republic of Uzbekistan Enhanced Partnership and Cooperation Agreement (EPCA), of which the EEAS/Commission have taken good note of, please find in attachment a text of the revised draft COUNCIL DECISION on the signing, on behalf of the European Union, and provisional application of the Enhanced Partnership and Cooperation Agreement between the European Union and its Member States, of the one part, and the Republic of Uzbekistan, of the other part, in view of its adoption by the Council as Council amendment of the Commission proposal.

The amended text of the Enhanced Partnership and Cooperation Agreement, including its annexes, agreed by the Republic of Uzbekistan authorities, is also attached.

I would be grateful if you could circulate this proposal for the attention of the relevant preparatory body of the Council.

Luc Pierre DEVIGNE

Electronically signed on 16/01/2025 16:21 (UTC+01) in accordance with Article 11 of Commission Decision (EU) 2021/2121

2025/.....

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 207 agus 209, i gcomhar le hAirteagal 218(5),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Iúil 2018, d'údaraigh an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na hÚisbéiceastáine maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe,

(2) Tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Feabhsaithe ('an Comhaontú') i gcrích go rathúil trí shíniú an Chomhaontaithe an 6 Iúil 2022, rud a bhí ina fhorbairt ar mhianta na bPáirtithe an caidreamh eatarthu a neartú agus a leathnú ar bhealach uaillmhianach nuálach,

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh,

(4) I bhfianaise an ghá an Comhaontú a chur i bhfeidhm sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm tar éis do na Ballstáit é a dhaingniú, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo déantar síniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hÚisbéiceastáine, den pháirt eile, a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.[1]

Airteagal 2

Sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 345 den Chomhaontú, agus faoi réir na bhfógraí dá bhforáiltear ann, cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Poblacht na hÚisbéiceastáine.

[1] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán